

# Pacáiste eolais d’iarrthóirí

Ceannasaí Airgeadais (PC)

An dáta deiridh a nglacfar le hIarratais:
10 Eanáir 2025



**Is comhlacht leathstáit neamhthráchtála é BIM a bunaíodh go foirmiúil faoi reacht (An tAcht Iascaigh Mhara, 1952). Gníomhaireacht de chuid Stát na hÉireann é BIM atá freagrach as tionscal bia mara na hÉireann a fhorbairt. Is gníomhaireacht de chuid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara agus de chuid líonra Ranna Rialtais eile, gníomhaireachtaí leathstáit, páirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta mara é BIM.**

Tá ceithre aonad gnó san eagraíocht: Seirbhísí Teicniúla Bia Mara, Seirbhísí Corparáideacha, Seirbhísí Forbartha agus Nuálaíochta, Seirbhísí Eacnamaíocha agus Straitéiseacha, agus tacaíonn an Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin leo sin. Tá Ceannoifig Bhord Iascaigh Mhara i nDún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath. D'fhonn tacú leis an earnáil bia mara, tá cuid d'fhoireann BIM lonnaithe go straitéiseach sna pobail cois cósta a mbíonn siad ag freastal orthu, lena n-áirítear oifigí i nGaillimh agus sna Cealla Beaga. Ina theannta sin, tá dhá Choláiste Náisiúnta Oiliúna BIM lonnaithe sa Chaisleán Nua, Co. Dhún na nGall agus i mBaile Chaisleáin Bhéarra, Co. Chorcaí..

Tá sé d'aidhm ag straitéis BIM feabhas a chur ar iomaíochas earnáil bia mara na hÉireann trí dhíriú ar na príomhthosaíochtaí straitéiseacha seo a leanas:

- Ceannaireacht a stiúradh agus a chothú
- Torthaí a chur ar fáil le réitigh a bhfuil tionchar acu ar athrú a dhéanamh
- Infheistíocht a dhéanamh i bhfás fadtéarmach
- An comhshaol agus an earnáil a chosaint

## Ár Misean

Tacú le luach a mhéadú maidir le hearnáil inbhuanaithe bia mara na hÉireann, ar fud an tslabhra soláthair, ó ghabháil go dtí an tomhaltóir, agus sin a éascú.

## Ár bhFís

Rachaimid i gcomhpháirtíocht le hearnáil bia mara na hÉireann le rún agus le práinn chun na hathruithe atá de dhíth a aithint agus a chur chun cinn le go mbeidh an todhchaí inbhuanaithe.

## Ár Luachanna

Iontaobhas

Comhpháirtíocht

Obair Foirne

Cuimsiú

Ionracas



## Cuntas ar an Ról

| | |
|---|---|
| Teideal an phoist: | Ceannasaí Airgeadais (PC) |
| Conradh: | Lánaimseartha; Tréimhse Éiginnte |
| Áit: | Ceannoifig Bhord Iascaigh Mhara, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath, nó aon cheann d'Oifigí Réigiúnacha Bhord Iascaigh Mhara<br>(Is féidir iarratas a dhéanamh ar obair hibrideach freisin) |
| Struchtúr Tuairiscithe: | Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha |
| Grúpa Seirbhíse: | Seirbhísí Corparáide |
| Cur síos ar an nGrúpa Seirbhíse cuí: | Ceannoifig BIM, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath.<br>(Is féidir iarratas a dhéanamh ar Oifig malartach BIM.  Is féidir iarratas a dhéanamh ar hybrid freisin). |

## Achoimre ar an Ról

Beidh an Ceannasaí Airgeadais i gceannas ar Fhoireann Airgeadais na Seirbhísí Corparáide agus beidh sé/sí freagrach as an bhfís don fheidhm a leagan amach le bheith ag teacht de réir spriocanna straitéiseacha BIM agus lena chinntiú go gcuirfear seirbhísí airgeadais, soláthair, rialachais sonraí, bainistithe riosca, dlí agus comhlíontachta ar fáil go héifeachtúil chun comhlíonadh agus comhlíontacht le polasaithe agus nósanna imeachta BIM agus soláthar príomhthionscadal straitéiseach a chinntiú.

## Cúlra leis an Riachtanas

Gníomhaireacht de chuid Stát na hÉireann é BIM atá freagrach as tionscal bia mara na hÉireann a fhorbairt. Tacaíonn sé le pobail agus tionscal bia mara na hÉireann lena chinntiú go n-úsáidtear acmhainní uisceacha agus muirí ar bhealach inbhuanaithe.

Beidh an Ceannasaí Airgeadais i gceannas ar Fhoireann Airgeadais na Seirbhísí Corparáide a mbíonn ról lárnach aici in Aonad na Seirbhísí Corparáide.



## Freagrachtaí

- Tacaíocht a thabhairt do straitéis agus rialachas BIM, lena n-áirítear tuarascálacha *ad-hoc*, míosúla agus bliantúla agus bileoga treoracha eile de réir mar is gá a ullmhú.
- A bheith freagrach as éascaíocht a dhéanamh ar Lámhleabhar Nósanna Imeachta & Polasaithe Airgeadais agus gach polasaí comhlíontachta agus rialachais eile agus Nósanna Imeachta Oibríochta Caighdeánacha a ullmhú agus a athbhreithniú go rialta.
- Monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí agus comhlíontacht le caighdeáin chuntasaíochta agus le haon riachtanas comhlíontachta eile a chinntiú.
- Ráitis bhliantúla airgeadais BIM a ullmhú.
- Dul i gcomhairle le hiniúchóirí agus gach iniúchadh (inmheánach agus seachtrach) rialachais agus airgeadais BIM a bhainistiú.
- Gach córas faisnéise comhlíontachta agus airgeadais a fhorbairt, a bhainistiú agus monatóireacht a dhéanamh orthu.
- Gach gné airgeadais a bhainistiú, lena n-áirítear na nithe seo a leanas ach gan bheith teoranta dóibh: sócmhainní seasta, baincéireacht, ioncam agus féichiúnaithe, íocaíochtaí agus creidiúnaithe, costais taistil agus párolla.
- Comhlíontacht ar fud soláthair, ceisteanna parlaiminte, RGCS, saoráil faisnéise agus rochtain ar fhaisnéis a bhainistiú.
- Measúnuithe airgeadais deontais a bhainistiú agus eolas a chur isteach ar phróisis cheadaithe/athbhreithnithe iarratais.
- An fhoireann a threorú, a spreagadh agus a fhorbairt lena n-áirítear bainistiú feidhmíochta.
- Tabhairt faoi aon tionscadal *ad-hoc* de réir mar is gá.
- Sreabhadh airgid, buiséid agus maoiniú a bhainistiú.
- Ullmhú buiséid a threorú chomh maith le soláthar a dhéanamh, comhairle a thabhairt, agus caidreamh a dhéanamh leis an lucht ardbhainistíochta ar a mbuiséid agus rialachas airgeadais i ndáil lena réimse freagrachta.
- Tuairisciú foirmiúil chuig an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus aon comhlacht rialála de réir mar is gá.

**Eile:** Dualgais ghaolmhara ar bith eile a d'fhéadfaí a éileamh de réir mar is réasúnach agus a shannadh ó am go ham a chomhlíonadh.



## Taithí agus Cáilíochtaí Riachtanacha

- Cáilíocht sa chuntasóireacht (ACCA/ACA/CIMA).
- Cáilíocht ábhartha airgeadais, rialachais nó chuntasaíochta ar leibhéal céime.
- Taithí ar fhoireann Airgeadais nó feidhmeanna rialachais a threorú agus an cumas tuiscint a fháil go tapa ar ról agus ar chuspóirí BIM agus ar an gcomhthéacs ina bhfeidhmíonn sé agus meas a léiriú ina leith sin.
- Taithí ar rialachas corparáide dea-chleachtais a chur i bhfeidhm.
- Taithí ar thionscadail shuntasacha bainistithe athraithe a chur i bhfeidhm.
- Taithí ar bheith ag obair le Ranna Rialtais agus le Gníomhaireachtaí Stáit ar leibhéal sinsearach.
- Taithí cheannaireachta chruthaithe ar leibhéal sinsearach, ar fhoirne ardfheidhmíochta a fhorbairt d'fhonn cuspóirí eagraíochta BIM a bhaint amach.
- Eolas maith ar pholasaithe agus ar phróisis rialachais agus bainistithe riosca agus taithí maidir leo a chur i bhfeidhm.
- Cumas agus solúbthacht dul in oiriúint ar chúrsaí a bhíonn ag athrú go tapa agus réitigh nuálacha a aimsiú.
- Cumas tacaíocht a thabhairt do pháirtithe leasmhara ábhartha ar fud na heagraíochta agus tionchar a imirt orthu.
- Cumas tionscnaimh leanúnacha feabhsúcháin a chur chun cinn, a chruthú agus a nuáil.
- Taithí shuntasach ar leithdháiltí buiséid atá ar scála atá cosúil le BIM a bhainistiú.
- Taithí ar bheith ag obair go dlúth le Bord agus lena fhochoistí.
- Meáite ar spriocanna forbartha straitéiseacha éilitheacha a bhaint amach le creidiúnacht ghairmiúil phearsanta láidir.

## Taithí agus Cáilíochtaí Inmhianaithe

- Cáilíocht a bhaineann go sonrach le soláthar.
- Taithí ar Sholáthar agus Airgeadas na hEarnála Poiblí.
- Taithí ar Microsoft Dynamics NAV.



## Tréithe pearsanta  atá de dhíth don phost:

- Sárscileanna ceannaireachta agus pleanála straitéisí.
- Ardspreagtha lena chinntiú go gcuirfidh BIM seirbhís den scoth ar fáil dá pháirtithe leasmhara.
- Timpeallacht oibre tacaíochta agus chomhoibríoch a spreagadh ar bhonn go gníomhach.
- Scileanna maithe i dtaobh féin-eagrúcháin agus tosaíochtaí a leagan amach, agus cumas tosaíochtaí iomadúla a bhainistiú.
- Taithí ar bhainistiú athraithe i ról den chineál céanna.
- An cumas chun bheith ag obair go neamhspleách agus mar bhall foirne éifeachtach araon.
- Sárscileanna idirphearsanta agus cumarsáide, an cumas idirghníomhú go dearfach le daoine i dtimpeallacht ildisciplíneach agus ilchultúir.
- Meas ar fhaisnéis a roinnt agus ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus dícheall a dhéanamh go bhfuil feabhas leanúnach á dheanamh i dtimpeallacht chomhoibritheach.

## Teagmhálaithe:

| | |
|---|---|
| Laistigh de BIM | Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Stiúrthóir Seirbhísí Corparáide, foireann BIM san Fhoireann Airgeadais agus baill eile d'Aonad na Seirbhísí Corparáide |
| Lasmuigh de BIM | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, iniúchóirí, Coimisinéirí Ioncaim agus aon chomhlacht rialála eile. |
| Oiliúint | Níl aon riachtanais oiliúna éigeantach don ról seo.<br>Déanfar riachtanais oiliúna a shainaithint tríd an gCóras Bainistithe Feidhmiúcháin atá againn. |



| Téarmaí agus Sochair |
|---|
| Tuarastal |
| Beidh luach saothair de réir Scála Tuarastail ceadaithe na Roinne Airgeadais don Earnáil Phoiblí do PC, le réimse tuarastail €79,086 - €98,559 (amhail an 1 Deireadh Fómhair 2024) sa bhliain dáilte go comhréireach i ndáil leis an am a oibreofar. Ag an gcéad phointe iontrála ar an scála a cheapfar an t-iarratasóir a n-éireoidh leis mura bhfuil an t-iarratasóir fostaithe laistigh de na Seirbhísí Poiblí faoi láthair.<br><br>Déanfar ball den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair díot mura bhfuil tú i do bhall de scéim pinsin earnála poiblí i láthair na huaire (nó mura raibh tú i do bhall de scéim pinsin earnála poiblí le sé mhí anuas). Tá Scéim Tuarastail agus Pinsin faoi réir ag gnásanna faofa earnála poiblí agus glacann cuntas ar sheirbhís le déanaí san earnáil phoiblí ag teacht le himlitreacha agus rialacha ábhartha. |
| Saoire Bhliantúil |
| Is é 30 lá oibre in aghaidh na bliana pro-rata chun an t-am a oibríodh a léiriú an teidlíocht saoire bliantúla atá ag gabháil leis an ról seo. Níl Laethanta Saoire Poiblí san áireamh i dteidlíochtaí saoire bliantúla. Ní mór gach lá saoire a bheith ceadaithe roimh ré ag do bhainisteoir nó ag a n-ionadaí údaraithe i gcomhréir le polasaithe saoire BIM. |

### Clár Cúnaimh d'Fhostaithe (EAP)
Cuireann BIM seirbhís EAP atá 100% faoi rún agus neamhspleách ar fáil trí Spectrum a chuireann comhairle ghairmiúil agus neamhchlaonta, eolas agus comhairleoireacht ar fáil ar réimse saincheisteanna lena n-áirítear ceisteanna dlí, airgeadais agus sláinte. Tá an tseirbhís sin saor in aisce d'fhostaithe agus tá sí ar fáil freisin do gharghaolta leat.

### Seirbhís Sláinte Ceirde
Oibríonn BIM le soláthraí seirbhíse Sláinte Ceirde neamhspleách a chuireann tacaíocht agus comhairle ar fáil d'fhostaithe a bhfuil tinneas orthu nó riocht sláinte ag dul dóibh atá ag cur isteach ar a gcumas obair a dhéanamh.

### Aonad Fístaispeána
Is féidir le fostaithe suas go €117 a fháil ar ais ar thástáil súl.

### Taisteal agus Cothú
Íoctar costais taistil agus chothaithe le fostaithe a bhfuil orthu taisteal i gcomhréir le rátaí ceadaithe.

### Scéim Coigilteora Cánach
Is féidir le fostaithe a thaistealaíonn chuig an obair ar an gcóras iompair phoiblí leas a bhaint as Ticéad Coigilteora Cánach bliantúil chun méid suntasach airgid a shábháil ar chostais taistil.

### An Scéim um Rothaíocht chun na hOibre
Is féidir le fostaithe a thagann chuig an obair ar rothar nó a bhíonn ar rothar le linn cuid den turas leas a bhaint as an Scéim um Rothaíocht chun na hOibre.



## An Bealach le hiarratas a dhéanamh:

Ba chóir C.V. iomlán chomh maith le litir iarratais agus a Foirm Iarratais Folúntais BIM chomhlánaithe ina ndéantar cur síos ar thaithí agus scileanna a bhaineann leis an bpost, a sheoladh ar ríomhphost chuig

jobs@bim.ie

An dáta deiridh a nglacfar le hIarratais

**10 Eanáir 2025**

Tabhair ar aird go bhféadfadh níos mó ná céim agallaimh amháin a bheith i gceist leis an bpróiseas earcaíochta don ról seo agus go bhféadfadh BIM iarraidh ar na hiarratasóirí a roghnaítear cur i láthair gearr a dhéanamh ar ábhar a bheidh roghnaithe roimh ré ag céim an agallaimh dheiridh. Tabhair ar aird nach nglacfar le hiarratais a bheidh déanach.

Grád PC agus tá Bord Iascaigh Mhara ag teacht le Samhail Inniúlachta na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí Inniúlachtaí PAS

## Úsáid Sonraí

Ní bhainfear úsáid as na sonraí pearsanta ná an fhaisnéis go léir a chuirtear ar aghaidh leis an iarratas seo ach chun críche an fheachtais sin agus don fheachtas sin amháin, agus déanfar na sonraí agus an fhaisnéis a scriosadh ansin i gcomhréir le Polasaí an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí agus an sceideal coinneála sonraí atá againn.

Caithfear le gach faisnéis go huile agus go hiomlán faoi rún agus ní bheidh rochtain ar an bhfaisnéis sin ach ag na daoine sin a bhfuil baint dhíreach acu leis an bhfeachtas.

Ba cheart aon cheist maidir leis an ról seo a sheoladh ar ríomhphost chuig jobs@bim.ie

*Is fostóir comhdheiseanna é BIM, agus táimid tiomanta do chinntiú go bhfuil rochtain iomlán agus chothrom ag gach iarrthóir earcaíochta, mar is féidir a sholáthar le réasún. Má theastaíonn aon tacaíocht nó cóiríocht uait mar chuid den phróiseas earcaíochta, déan teagmháil linn go díreach ag HRinbox@bim.ie.*

Investors in Diversity SILVER